**An pacáiste buiséadach €2.9 billiún i 2020**

**Tithíocht**

- €2.5 bhilliún don Chlár Tithíochta in 2020.
- €20 milliún breise le haghaidh seirbhísí easpa dídine, rud a thabharfaidh an maoiniú iomlán go dtí €166 milliún in 2020
- Maoiniú caipitil os cionn €1.1 bhilliún chun tacaíocht a thabhairt maidir le 11,000 teach sóisialta nua a sheachadadh in 2020. Seachadfar 12,000 aonad eile in 2021.
- €80 milliún breise le haghaidh HAP
- Tá €17.5 milliún á sholáthar don Ghníomhaireacht Forbartha Talún agus €186 milliún á leithroinnt don Chiste um Láithreán Seirbhísithe agus don Chiste Gníomhachtaithe um Bonneagar Tithíochta Áitiúil in 2020.
- €130 milliún de mhaoiniú le haghaidh Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach
- €2 mhilliún de mhaoniú breise don Bhord um Thionónachtaí Cónaithe
- Cúnamh chun Ceannach á fhadú go dtí deireadh 2021
- Tionscnamh na Cathrach beo á fhadú go dtí deireadh 2022

**Oideachas**

- 150 post nua múinteoireachta i scoileanna agus os cionn 400 post breise múinteoireachta chun tacú le riachtanais speisialta oideachais
- Cumasófar earcaíocht os cionn 1,000 Cúntóir Riachtanas Speisialta eile le €1.9 billiún

**Leanaí agus Teaghlaigh**

- Leithroinnt mhéadaithe €29 milliún, go dtí €814 mhilliún le haghaidh Túsla
- Méadú €54 mhilliún ar mhaoiniú don luathoideachas agus cúram leanaí
- Méadú €100 ar an gCreidmheas Cúramóra Baile
- Fadú an ráta laghdaithe MSU do shealbhóirí cárta leighis

**Talmhaíocht agus Forbairt Tuaithe**

Infheisteoidh an Rialtas beagnach €2 bhilliún faoin tuath in Éirinn in 2020.

- €51 mhilliún don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- €17 milliún don Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.
- €3 mhilliún chun scéimeanna nua talmhaíochta/comhshaoil a stiúradh in 2020.

**Sláinte**

Tiocfaidh méadú 6.3% faoin gcéad, go €17.4 bhilliún, in 2020 ar an gcaiteachas reatha do shláinte

- €25 mhilliún don Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála
- Cúram dochtúra teaghlaigh saor in aisce do leanaí faoi bhun 8 mbliana d'aois
- Tá an tairseach mhíosúil don Scéim Íocaíochta Drugaí á laghdú €10 agus táim chun na tairsí ioncaim i leith cárta leighis a mhéadú €50 do dhuine singil nó €150 do lánúin.
- Cúram fiaclóireachta saor in aisce a sholáthar go céimnitheach do leanaí faoi bhun 6 bliana d'aois
- Soláthrófar 1 mhilliún uaireanta cúraim baile breise in 2020.
- Ciste comhtháthaithe Sláintecare nua €20 milliún agus Ciste Athdheartha Cúraim €12 mhilliún.
- Méadú 50c ar mhál ar thoitíní

**Dlí agus Ceart**

- Méadú €81 mhilliún ar bhuiséad an Gharda Síochána
- Suas le 700 Garda nua
- €39 milliún chun soláthar díreach a mhaoiniú agus gníomhaíocht mhéadaithe i gcúirteanna agus gníomhaireachtaí lena n-áirítear an Chomhairle Bhreithiúnais nua

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Budget 2020

Prepared by the
Department of Finance
and the Department of Public
Expenditure and Reform
**gov.ie/budget | #Budget2020**

**Agus muid ag ullmhú do Brexit, tá an geilleagar i riocht láidir**

- Tá deireadh curtha leis an easnamh príomha – tá súil le farrasbarr 0.2% den OTI in 2019
- Fás eacnamaíoch 5.5% tuartha don bhliain 2019, ag titim go dtí 0.7% in 2020 bunaithe ar Brexit mí-ordúil
- Tá an dífhostaíocht laghdaithe go dtí 5.3% ón mbuaicphointe 16% in 2012
- Tá na hioncaim ó cháin de réir mar a bhí tuartha don bhliain seo sa chuid is mó – tá súil againn €58.6 bhilliún a bhailiú

**Tacaíocht d'fhiontair**

- Athchóiriú ar an gClár Rannpháirtíochta d'Fhostaithe Ríthábhachtacha (KEEP) – baineann sé anois le raon níos leithne de ghrúpstruchtúir cuideachta. Beidh obair pháirtaimseartha agus obair a thacaíonn le teaghlaigh cáilithe anois freisin
- Athchóirithe ar an Tionscnamh Fostaíochta agus Infheistíochta (EII) – lánfhaoiseamh cánach ioncaim sa bhliain a ndéantar an infheistíocht, méadú de €250,000 ar an teorainn bhliantúil dóibhsean a infheistíonn 4 bliana nó níos mó agus go €500,000 dóibhsean a infheistíonn 10 mbliana nó níos mó
- Creidmheas feabhsaithe cánach le haghaidh taighde agus forbairt do mhicreachuideachtaí agus cuideachtaí beaga agus le haghaidh seachfhoinsiú 3ú leibhéal
- Fadú go dtí deireadh 2022 don Chlár Faoisimh Sannaí Speisialta (SARP) agus an asbhaint i leith tuillimh choigríche (FED)
- Méadú €150 ar an gCreidmheas Ioncaim Tuillte do dhaoine féinfhostaithe

**Ag ullmhú do Brexit – Pacáiste €1.2 bhilliún**

Tá €600 milliún curtha ar fáil cheana tríd an Scéim um Fhás sa Todhchaí agus an Scéim Iasachta Brexit.
Bíodh margadh ann nó ná bíodh, beidh €200 milliún ar fáil an bhliain seo chugainn do riachtanais foirne agus bonneagair
I gcás Nach nDéanfar Margadh, beidh €650 milliún de mhaoiniú teagmhais ar fáil chun tacaíocht a thabhairt d'earnálacha dá ndéanfar difear. Scaoilfear €220 milliún láithreach:

- €110 milliún chun cabhrú le gnólachtaí atá leochailleach ach bailí chun an t-athrú a dhéanamh
- €110 milliún tríd an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara:
    - €85 mhilliún d'fheirmeoirí mairteola;
    - €14 mhilliún d'iascaigh;
    - €6 mhilliún d'fheirmeoirí beostoic eile agus d'earnáil na muisiriún; agus
    - €5 mhilliún don tionscal próiseála bia agus deochanna.

Ina theannta sin, beidh €40 milliún ar fáil chun tacú le Turasóireacht
Déanfar cinneadh maidir leis an iarmhéid €390 milliún den chaiteachas teagmhais Brexit a úsáid níos gaire don am.

Cuirfear €365 mhilliún ar fáil freisin don Bheochlár agus do Scéimeanna Gníomhachtaithe Saothair, agus beidh €45 mhilliún euro eile ann chun cabhrú leis an aistriú chuig fostaíocht nua

**Athrú Aeráide**

Beidh infheistíocht €8.1 bhilliún ón bPlean Forbartha Náisiúnta agus infheistíocht €13.7 billiún eile ó chomhlachtaí Stáit mar thacaíocht leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide.

- Méadú ar an gcáin charbóin ó €20 go €26 in aghaidh an tona – méadófar breoslaí carranna lá an Bhuiséid, méadófar breoslaí eile i mí Bealtaine 2020
- Tiomsófar €90 milliún dá bharr sin a bheidh le himfhálú le haghaidh bearta nua gníomhaithe ar son na haeráide
- Scéim aisíoca díosail do tharlóirí
- Cuirfear muirear bunaithe ar astaíochtaí ocsaíde de Nítrigin in ionad an fhormhuirir 1% ar dhíosail
- Síneadh leis an ráta Nialais Sochair Chomhchineáil ar fheithiclí leictreacha agus faoisimh CCF d'fheithiclí hibrideacha
- Cothromas maidir le rátaí cánach leictreachais gnó agus neamhghnó
- €9 milliún le haghaidh féarbhealaí agus tionscadail rothaíochta sa chathair
- €8m chun deontais a chothabháil i leith carranna leictreacha a cheannach agus €3 mhilliún le haghaidh bonneagar feithiclí leictreacha.

**Pacáiste dírithe ar Lár na Tíre:**

- €20 milliún le haghaidh scéim éifeachtúlachta fuinnimh a bheidh dírithe ar dtús ar thithíocht shóisialta
- €5 mhilliún le haghaidh athshlánú portach